Nuachtlitir

Gaelscoil Ruairí
Maigh Nuad

13 Bealtaine 2024 Uimhir 34

Bord Bainistíochta - Rúnaí de Dhíth:
Tá ár Rúnaí Keelin ag críochnú linn ag deireadh na scoilbhliana seo. Beimid iontach brónach ag fágáil slán léi dár ndóigh toisc gur ball foirne í a bhíonn i gcroílár chuile rud a tharlaíonn sa scoil agus déanann sí an t-uafás don scoilphobal uilig. Aireoimid ar fad uainn go mór í. Beimid ag fágáil slán ceart léi roimh na laethanta saoire, tá go leor ama le haghaidh sin go fóill!
Táimid anois ag earcú rúnaí nua agus bheimis thar a bheith buíoch díbh dá scaipfeadh sibh an scéal agus dá roinnfeadh sibh ár bhfógra ar na meáinshóisialta.

Fógra:
Tá Gaelscoil Ruairí ag earcú runaí faoi láthair le tosú ar an 22 Lúnasa ach cuirfear tréimhse oiliúna ar fáil roimhe sin. Is post 18 uair a chloig thar ceithre lá sa tseachtain atá ceadaithe ag an Roinn Oideachais go fóill ach bheimis ag súil go n-ardnófaí na huaireanta i mí Meán Fómhair chuig cúig lá in aghaidh na seachtaine toisc gur scoil forbartha sinn atá ag fás bliain i ndiaidh bliana. Tá gach eolas ar fáil i gCiorclán na Roinne Oideachais 36/2022.
Ní mór don té a cheapfar a bheith líofa sa Ghaeilge. Beidh an rúnaí ag obair faoi stiúir an phríomhoide. Tá ardscileanna bainistíochta oifige, ardscileanna cumarsáide agus ardscileanna eagrúcháin de dhíth don phost. Ní mór don té a cheapfar a bheith ábalta obair go neamhspleách as a stuaim féin agus mar chuid d'fhoireann. Tá eolas agus taithí in usáid na teicneolaíochta riachtanach don phost. Bheadh tuiscint ag an té a cheapfar ar an tábhacht a bhaineann le rúndacht agus le bheith discréideach agus é/í i mbun a c(h)uid dualgaisí.
Beidh an ceapachán ag brath ar ghrinnfhiosrúchán na nGardaí agus ar sheiceáil teistiméireachtaí. Beidh tréimhse sé mhí ann mar thréimhse phromhaidh.
Seol do litir iarratais, C.V agus cóip de do theastais chuig iarratais2024@gaelscoilruairi.ie roimh a 5 a chlog ar an Luan an 10 lá de mhí an Mheithimh.

Board of Management - Secretary Required:
Our secretary Keelin is finishing up with us at the end of the current school year. We will be very sad to see her go as she is an integral member of staff involved in all aspects of school life and everyone in the school community is very fond of her. We will organise a proper send-off for Keelin before the holidays, there is still plenty of time for this!
We are now recruiting a new secretary and we would very much appreciate it if this could be shared by word of mouth and by sharing our social media posts.

Advertisement:
Gaelscoil Ruairí are currently recruiting a secretary to start on the 22nd August but there will be a training period provided before this date. This post currently stands at 18 hours over four days but we expect the Department of Education to increase this to five days from September as we are a developing school growing year on year. All information available in Department of Education circular 36/2022.
The successful candidate must be fluent in Irish. The secretary works under the direction of the principal. Strong office organisational skills and communication skills are necessary. The successful candidate must be able to work independently as well as part of a team. Knowledge and experience in working with computers is essential. A strong understanding of confidentiality and discretion in the workplace is required.

The appointment will depend on Garda Vetting and the verification of references. There will be a six month probation period.
Letter of application , cv and any certificates are to be sent via e-mail to iarratais2024@gaelscoilruairi.ie before 5pm on Monday 10th June 2024.

CLG - Cumann na nBunscol:

Ócáid iontach speisialta a bhí ann don scoil ar an Déardaoin seo caite nuair a d'imir foireann peile na scoile sa chluiche leathcheannais i gCumann na mBunscol. Cluiche den scoth a bhí ann agus bhí tacaíocht iontach ann do na páistí ar fad ón scoilphobal. D'oibrigh na páistí an-dian le linn an chluiche agus bhí gach duine a bhí i láthair iontach bródúil astu ar fad. Níor éirigh leo dul ar aghaidh an uair seo ach beidh lá eile ag an bPaorach! Ár mbuíochas le Múinteoir Clíona agus Múinteoir Colm.

GAA - Cumann na mBunscol:

Last Thursday was a very special day for the school when our football team played in the semi-final of Cumann na mBunscol. It was a fantastic match and there was great support from the school community on the day. The children all worked very hard and everyone there was extremely proud of their performance on the day. They didn't go through this time but we'll get another chance! A huge thank you to Múinteoir Colm and Múinteoir Clíona.

CLG:

Leanfaidh an traenáil peile do na naíonáin leis an gCLG Mhaigh Nuad amárach díreach tar eis scoile. Beidh siad réidh le bailiú ag an bpáirc peile trasna ón scoil ar a 2.00i.n.
Beidh an traenáil peile do pháistí R1 go R3 le múinteoirí na scoile agus le CLG Mhaigh Nuad díreach i ndiaidh scoile amárach chomh maith. Beidh siad réidh le bailiú ag an bpáirc peile ar a 3.00i.n.
Beidh cosaint fiacla de dhíth ó gach páiste ó Rang a 1 ar aghaidh.

GAA:

The infant football training will continue tomorrow immediately after school with Maynooth GAA. The children will be ready for collection at the football pitches across the road from the school at 2p.m.
Football training for children from 1st class to 3rd class will also take place tomorrow after school with the teachers and with the Maynooth GAA and the children will be ready for collection from the pitches at 3p.m. It is compulsory for all children from 1st class on to wear mouth guards.

Dráma R2:

Beidh Rang a 2 ag cur dráma i láthair sa scoil ar an Aoine an 7 lá de mhí an Mheithimh ar a 1.30i.n. Beidh fáilte roimh bheirt freastail in aghaidh an pháiste. Feicfidh na páistí eile sa scoil é an tseachtain sin chomh maith.

2nd Class Drama:

2nd class will perform their drama in the school on Friday 7th June at 1.30p.m. Two people per child are welcome to attend. The children in the school will also get to see the drama during that same week.

Coiste na dtuismitheoirí:

1. Ranganna Gaeilge:
Leanfaidh na ranganna Gaeilge ar aghaidh do thosaitheoirí thar líne oíche amárach.
Leanfaidh na ranganna comhrá ar aghaidh sa scoil ar an Déardaoin ar a 8i.n.

Nuachtlitir

Gaelscoil Ruairí
Maigh Nuad

13 Bealtaine 2024 Uimhir 34

Tá fáilte roimh chách!

2. Lotto na Scoile:
Comhghairdeas le Bríd Firtear a bhuaigh €20 agus bosca seacláide ar an Aoine. Seasann an pota óir ar €1,675 anois. Go n-éirí go geal le gach duine!

3. Dúshlan na gCéimeanna:
Táimid ag an am seo den bhliain arís agus chun suí leis an mí folláine sa scoil i mí an Mheithimh táimid ag tosú ár nDúshlán Céimeanna do thuismitheoirí/chaomhnóirí inniu, agus leanfaidh sé ar aghaidh go dtí an Satharn an 8 lá de mhí an Mheithimh. Tá an nasc chun páirt a ghlacadh i ngrúpa "Dúshlan na gCéimeanna" do rang curtha suas i ngach grúpa ar Whatsapp. Muna bhfuil tú ar whatsapp agus má bhíonn eolas uait, ní gá ach ríomhphoist a sheoladh chugainn ag coistetuisti@gaelscoilruairi.ie.
Tá súil againn go nglacfadh go leor agaibh páirt san ócáid spraoiúil seo. Beidh duaiseanna ag an deireadh. Go n-éirí libh ar fad!

4. Siúlóid Urraithe / Díolachán Cácaí:
Sábháil an dáta dár n-imeacht bliantúil a tharlóidh ar an Satharn an 9 lá de mhí an Mheithimh ar a 10r.n. Beidh siulóid ghearr timpeall na hollscoile ar dtús agus ansin tiocfaimid ar fad le chéile don díolachán cácaí agus cupán tae/caifé. Fógrófar an buatóir do chomóras na gcéimeanna ar an lá seo chomh maith. Beidh a thuilleadh eolais go luath.

Parents' Committee:

1.Irish Classes:
The beginners classes will continue online tomorrow night.
The conversational classes will continue in the school on Thursday night at 8pm.
Everyone is welcome!

2. Lotto:
Congratulations to Bríd Firtear who won €20 and a box of chocolates on Friday. The jackpot now stands at €1,675 The very best of luck to everyone.

3. Step Challenge:
It's that time of year again and in line with the school's June Well Being month we are commencing our Parents/Guardians Step Challenge today and it will run until Saturday 8th June. A link to your class "Step Challenge" group has been posted in each class Whatsapp group.
If you are not on WhatsApp but would like information please email us at coistetuisti@gaelscoilruairi.ie. We hope as many of you can get involved in this fun event and there will be prizes at the end of the Challenge. Good luck everyone.

4. Sponsored Walk/Cake Sale:

Save the date for what has become an annual event in our calendar and will take place again on Sunday, 9th June at 10am. It will involve a small walk around the grounds of Maynooth University followed by a cake sale where everyone is welcome to stay and eat the treats they've purchased along with a tea or coffee. We will also announce the winner of this year's 'Step Challenge' at this event. More information to follow…

Naíonáin Bheaga 2024:

Beidh tuismitheoirí/caomhnóirí na naíonán beag nua ag teacht isteach ar an gCéadaoin beag seo do chruinniú sa scoil ar a 7i.n. Táimid ag tnúth le fáilte a chur rompu ar fad.

Junior Infants 2024:

The parents/guardians of the incoming junior infants will be coming into the school on Wednesday for a meeting at 7p.m. We are very much looking forward to welcoming them all to the school.

Leabhar Liostaí na Bliana seo chugainn / Síntiús Deaonach:

Cuirfear leabhar liostaí na bliana seo chugainn ar ár suíomh greasáin an tseachtain seo. Beidh €50 in aghaidh an pháiste le híoc ag gach duine arís i mbliana mar a tharla anuraidh. Iarrtar ar gach duine í seo a íoc roimh na laethanta saoire. Fograíodh an tseachtain seo caite go bhfuil Scéim na Roinne ag leanúint ar aghaidh cé go bhfuil an méid a fhaigheann na scoileanna íslithe i mbliana.

Glacann an scoil go buíoch le síntiúis dheonacha chomh maith. Cabhraíonn na síntiúis seo linn acmhainni a cheannach do na páistí nach gcuireann an Roinn Oideachais ar fáil don scoil. Moltar €25 in aghaidh an téarma nó €75 don bhliain in aghaidh an pháiste ach tá an íocaíocht seo deonach.

Iarrtar ar gach duine na híocaíochtaí a dhéanamh thar líne agus ríomhphoist a sheoladh chuig an oifig nuair a dhéantar é sin mar is gnáth.

Next Year's Book Lists / Voluntary Contribution:

The book lists for next year will be uploaded onto our website this week. €50 per child has to be paid per child as was the case last year. We are asking for this to be paid by the summer holidays. It was announced last week that the Department's Free Book Scheme is continuing although the amount per child has been reduced this year.

The school also gratefully accepts voluntary contributions. These help the school to buy resources that are not funded by the Department of Education. We suggest €25 per term or €75 per year per child but this is a voluntary payment.

We ask that all payments are made online and that an email is sent to the office when this is made as always.